



Tabhair do d'aire: Rinneadh an leagan leictreonach seo a ath-chlósscríobh ón mbunleagan i mí an Mhárta, 2006

Ciorclán 40/97

AN ROINN OIDEACHAIS

DEPARTMENT OF EDUCATION

AN BRAINSE BUNSCOILE

LITIR CHIORCLÁIN CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS PRÍOMHOIDÍ BUNSCOILE

IONSAITHE AR MHÚINTEOIRÍ/FHOSTAITHE SCOILE

Is mian leis an Aire Oideachais a imní a chur in iúl d'údaráis scoileanna faoin méadú atá tagtha ar ionsaithe ar bhaill foirne i mbunscoileanna. Is cúis mhór imní d'fhostaithe agus d'fhostóirí araon é an foréigean sa láthair oibre. Déantar foréigean ar fhostaithe scoile sa láthair oibre, ar nós a dhéantar ar fhostaithe i láithreacha oibre eile. Le linn dóibh bheith i mbun a gcuid oibre, d'fhéadfadh baol foréigin a bheith ann d'fhoireann na scoile i bhfoirm íde béil, bagairtí, ionsaithe nó imeaglú de chineálacha eile. D'fhéadfadh an t-iompar seo a bheith á léiriú ag daltaí, tuismitheoirí, caomhnóirí, baill foirne eile nó ionróirí.

Ba mhian leis an Aire go ndéanfaí sár-iarracht cultúr a chruthú agus a chothú i scoileanna ina ndiúltófaí do ghníomhartha foréigin agus ina ndéileálfaí go pras agus go héifeachtúil lena leithéid d'eachtraí, áit a dtarlaíonn siad.

Sa chomhthéacs seo, ba mhaith leis an Roinn Oideachais aird na mBord Bainistíochta a dhíriú ar na fadhbanna seo a leanas:

- dualgas an Bhoird láthair oibre shábháilte a sholáthar d'fhostaithe
- na bearta nach mór a chur i bhfeidhm chun an riosca ionsaithe ar mhúinteoirí nó ar bhaill foirne eile atá fostaite i scoileanna a laghdú
- na bearta nach mór a chur i bhfeidhm chun tacú le baill foirne a bhfuil ionsaí déanta orthu nó atá tar éis bagairtí ionsaithe a fháil; agus a chinntiú go gcuirfear na bearta cuí i gcrích ionas nach dtarlóidh a leithéid sin arís.

1 Dualgas an Bhoird láthair shábháilte oibre a sholáthar

Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair i bhfeidhm ar an 1 Samhain 1989. Is píosa tábhachtach reachtaíochta é seo do Bhoird Bhainistíochta agus dóibh siúd a oibríonn i scoileanna, mar ba é seo an chéad uair a cuireadh scoileanna agus coláistí faoi scóip reachtaíochta sábháilteachta.

San Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, cuirtear de dhualgas ar fhostóirí, sábháilteacht agus sláinte a bhfostaithe a chinntiú sa láthair oibre. Cuireann an reachtaíocht de cheangal ar fhostaithe Ráiteas Sábháilteachta a dhréachtú chun:

- Na contúirtí a shainaithint
- Na rioscaí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht a mheasúnú
- Cosaintí cuí a chur i bhfeidhm

Ba chóir go bhféachfaí ar fhoréigean in Earnáil an Oideachais mar chontúirt fhéideartha agus go ndéanfaí é a mheas dá réir, agus áit a bhfuil an tsláinte agus an tsábháilteacht i mbaol de bharr foréigin, ba chóir cosaintí cuí a chur i bhfeidhm. Ba chóir go gcuirfí na cúinsí ar leith i ngach scoil san áireamh.

Ba cheart go rachfaí i gcomhairle leo siúd a d'fhéadfadh a bheith i gcontúirt, maidir leis na bearta atá le cur i bhfeidhm agus maidir le héifeachtúlacht na mbeart sin a mhonatóiriú. Ba chóir go dtabharfaí faisnéis do bhaill foirne faoi chosaint agus bhearta coiscitheacha bunriachtanacha.

I Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1993 (Feidhmeanna Ginearálta), foráiltear nach mór an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas má tharlaíonn timpiste/eachtra sa láthair oibre a bhfuil cóireáil ag teastáil lena haghaidh ó liachleachtóir nó cóireáil san ospidéal. Aon timpiste nó eachtra a bhfuil fostaí as láthair ón obair ar feadh 3 lá nó níos mó mar thoradh uirthi, ní mór é seo a chur in iúl don Údarás freisin.

2 Bearta Coiscitheacha

Iarrtar ar Bhoird machnamh a dhéanamh ar bhearta a choiscfeadh nó a laghdódh an riosca ionsaithe ar fhostaithe an Bhoird, agus na bearta sin a chur i bhfeidhm. Is gá athbhreithniú a dhéanamh, áit ar gá, ar éifeachtúlacht aon nósanna imeachta a ndearnadh comhaontú ina leith.

(a) Teagmháil Sheachtrach

Ní mór a choinneáil i gcuimhne gur chóir cumarsáid mhinic oscailte dhearfach a bheith ann idir an baile agus an scoil, agus mar sin, ba chóir go gcuirfeadh Boird scoile, i gcomhar le príomhoide agus foireann na scoile, dea-chleachtais chun cinn i dtaca le haon chumarsáid a tharlaíonn idir an baile agus an scoil.

Sa chomhthéacs seo, ba cheart go bhforbródh scoileanna beartais chun déileáil leis na ceisteanna seo a leanas, agus na beartais sin a chur chuig tuismitheoirí i gcioclán:

- Tuismitheoirí/cuairteoirí a ligean isteach sa scoil

Tuismitheoirí ar mhaith leo caint le múinteoir ranga, ba chóir go molfaí dóibh coinne a dhéanamh leis an múinteoir ábhartha roimh ré. I gcásanna práinneacha, áit nach ndéanfaidh coinne réamhshocraithe cúis, ba cheart go molfaí do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh i dtús báire le rúnaí/príomhoide na scoile. Ba cheart go gcuirfí in éadan an nós a bhíonn ag tuismitheoirí siúl díreach isteach sa seomra ranga le linn uaireanta múinteoireachta. Go sonrach, ba chóir nach mbeadh cead labhairt le múinteoirí ach ar bhunús "coinne amháin" más amhlaidh a bheadh achran ann mar thoradh ar chúinsí an chruinnithe.

- Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí

Ba chóir go ndéanfaí socruithe i bPlean na Scoile maidir le reáchtáil cruinnithe foirmeálta tuismitheoirí/múinteoirí. Ba cheart fógra leordhóthanach a bheith ag tuismitheoirí i dtaca le ham na gcruinnithe agus iad a spreagadh chun labhairt faoi rudaí atá ina gcúis inné dóibh. Má tá ceisteanna fogaire le bheith pléite, ba chóir socruithe a dhéanamh le gur féidir a leithéid seo d'agallaimh a dhéanamh go príobháideach. Ní féidir cumarsáid oscailte a chinntiú má dhéantar agallaimh ag doras an tseomra ranga, agus an múinteoir ag iarraidh rang páistí a mhaoirsiú san am céanna. Ní mór a bheith airdeallach go háirithe nach mbíonn plé idir tuismitheoirí agus múinteoirí i raon éisteachta daltaí agus/nó tuismitheoirí eile.

- Cód Disciplín

De réir théarmaí Chiorclán 20/90, iarrtar ar scoileanna Cód Iompair agus Disciplín do Dhaltaí a fhorbairt. Ba chóir don phríomhoide agus do na baill foirne an Cód seo a fhorbairt i gcomhar le tuismitheoirí, lena fhaomhadh ansin ag an mBord Bainistíochta. A luaithe atá sé curtha i gcrích, ba chóir an Cód seo a chur in iúl do thuismitheoirí. Aon phionós a ghearrtar ar dhalta, ba chóir go mbeadh sé de réir an Chóid Disciplín. Ba cheart go leagfaí amach go soiléir i gCód Disciplín na scoile na nósanna imeachta i dtaca le daltaí a chur ar fionraí, agus ba chóir go gcloifí leo.

- An Nós Imeachta le Gearán a Dhéanamh

Ba cheart go mbeadh nós imeachta soiléir i bhfeidhm ag Boird Bhainistíochta maidir le próiseáil aon ghearáin a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá idirbheartaíocht déanta cheana ag Cumainn Bhainistíochta áirithe le Cumann Múinteoirí Éireann maidir le nós imeachta den chineál sin. Ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoi théarmaí an nós imeachta, agus go molfaí dóibh leas a bhaint as céimeanna den nós imeachta mar is cuí.

(b) NÓSANNA IMEACHTA INMHEÁNACHA

Moltar ceisteanna i dtaca le nósanna imeachta inmheánacha scoile a phlé ó am go chéile ag cruinnithe foirne. Ba cheart go mbeadh an fhoireann eolach ar na nósanna imeachta bainteacha uile.

Má tá cúinsí ann ina bhfuil rioscaí méadaithe (m.sh. scoileanna d'ógchiontóirí), ba chóir go gcuirfí oiliúint ar fáil don fhoireann:

- chun cásanna a aithint ina bhféadfadh foréigean tarlú, agus
- chun rudaí a chiúnú síos má tá baol foréigin ann.

Ba chóir iniúchadh ar leith a dhéanamh ar chúinsí ina bhfuil baill foirne:

- ag obair leo féin in áitreabh na scoile
- ag obair in áit sa scoil atá scoite amach ó gach áit eile
- gafa le gníomhaíochtaí lasmuigh den rang
- ag obair le daltaí a bhfuil deacrachtaí iompair acu
- ag tabhairt cuairt ar theach dalta.

3 Céimeanna le leanúint i gcás ionsaí

Ba chóir do Bhoird nós imeachta soiléir a fhorbairt atá le cur i bhfeidhm i gcás ionsaí ar fhostaí. Ba chóir go n-áireofaí leis an mbeartas seo gealltanas soiléir ón mBord go dtacóidís go hiomlán le baill foirne a ndearnadh foréigean orthu.

Glactar leis go gcaithfear breith stuama a thabhairt i ngach cás ar leith. Ba cheart na heilimintí seo a leanas a chuimsiú i ngach nós imeachta, áfach:

- (i) Ba chóir an eachtra a thuairisciú don phríomhoide/do chomhghleacaí eile láithreach bonn.

Ba cheart sonraí na heachtra a thairfeadh i Leabhar Eachtraí a choimeádtar sa láthair oibre chuige seo. Aon chásanna inar cuireadh imeagla ar bhail foirne nó inar bagraíodh foréigean orthu, ba chóir iad a thairfeadh freisin.

- (ii) Nuair is gá, ba cheart cúnamh liachta a lorg go pras.
- (iii) Ba chóir an eachtra a thairisciú do na Gardaí, áit ar cuí. De ghnáth, is é nó í an múinteoir a ndearnadh ionsaí air nó uirthi a chuirfeadh an tuairisc isteach.
- (iv) Ba chóir an eachtra a chur in iúl don Bhord Bainistíochta agus, áit ar gá, ba chóir cruinniú éigeandála den Bhord a eagrú. Ba cheart don Bhord insint dá chomhairleoirí dlí go bhfuil ionsaí tarlaithe. Níor mhór cuideachta árachais an Bhoird a chur ar an eolas faoi freisin.
- (v) I gcás gur dalta atá freagrach as an ionsaí, ba chóir go ndéileálfá leis seo de réir Chód Disciplín na scoile agus de réir na bhforálacha i Riail 130(5) de na Rialacha Bunscoileanna.
- (vi) Daltaí a mbíonn iompar ionsaitheach ar siúl acu ar bhonn leanúnach, ba chóir iad a chur ar aghaidh le haghaidh measúnú síceolaíoch, agus cead faighte chuige sin ó na tuismitheoirí, ionas gur féidir riachtanais shóisialta agus mhothúchána an dalta a mheas, agus dearbhú cé an bealach is fearr le freastal ar na riachtanais sin.
- (vii) Nuair is tuismitheoir/caomhnóir atá tar éis an t-ionsaí a dhéanamh, ba chóir go gcuirfí treoir chuig an tuismitheoir/gcaomhnóir i scríbhinn láithreach gan teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an múinteoir/scoil go dtí go bhfuil machnamh iomlán déanta ag an mBord ar an scéal. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Bhord scríobh chuig an tuismitheoir/caomhnóir agus an méid seo a leanas a chur in iúl:
 - go raibh an t-ionsaí do-ghlactha, dar leis an mBord
 - cén beart atá le cur i bhfeidhm ag an mBord
 - na réamhchoinníollacha a leagan amach, ar gá iad a shásamh sula dtabharfar cead don té sin teacht isteach sa scoil arís.
- (viii) Aon iarratais ar chead neamhláithreachta i dtaca le baill foirne a ndearnadh ionsaí air ná uirthi, ba chóir iad a sheoladh chuig an Rannán Íocaíochtaí Bunscoile, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Déanfar gach iarratas a mheas ar a chuid buanna féin.
- (ix) Áit a ndearnadh damáiste do mhaoin phearsanta fostaí le linn ionsaí, d'fhéadfadh go n-íocfadh an Bord Bainistíochta cúiteamh chun an mhaoin sin a athfháil faoi Bheartas Cosanta leathnaithe na scoile.